



An Bhruiséil, 8 Márta 2022
(OR. en)

6988/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0239 (COD)

LIMITE

JUR 149
ECOFIN 203
DROIPEN 28
CRIMORG 28
COTER 66
CODEC 251
IA 23
FISC 64

TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ¹

Ábhar: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid chóras airgeadais an Aontais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc:

- comhoiriúnacht na dteorainneacha atá beartaithe le híocaíochtaí móra airgid le saoirsí bunúsacha agus le stádas nótaí bainc euro mar dhlíthairiscint laistigh den Aontas

I. RÉAMHRÁ

1. An 20 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc ('an togra')².

¹ Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.

² COM(2021) 420 final.

2. Tá sé d'aidhm ag an togra, *inter alia*, teorainneacha le híocaíochtaí móra in airgead tirim a thabhairt isteach. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 59 de nach bhféadfaidh daoine a bhíonn ag trádáil in earraí nó ag soláthar seirbhísí íocaíocht in airgead tirim a ghlacadh nó a dhéanamh ar mó a luach ná EUR 10 000 nó méid coibhéiseach in airgeadra náisiúnta nó eachtrach, agus ag an am céanna go bhféadfaidh na Ballstáit tairseach níos ísle a ghlacadh nó leanúint de thairseach níos ísle a chur i bhfeidhm.
3. Le linn an phlé a rinneadh i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle tarraingíodh anuas ceisteanna maidir le comhoiriúnacht an teorannaithe sin le stádas nótaí bainc agus monaí euro mar dhlíthairiscint laistigh den Aontas agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').
4. Arna iarraidh sin ag an Meitheal um Ataiséanna Airgeadais an 26 Samhain 2021, tugtar freagra ar na ceisteanna sin leis an tuairim seo.

II. AN CÚLRA DLÍTHIÚIL AGUS FÍORASACH

a) An togra

5. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 CFAE agus is é is aidhm dó leabhar rialacha aonair de chuid an Aontais a bhunú chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (Airteagal 1).
6. Dá bhrí sin, is cuid de phacáiste níos leithne é, ina gcuimsítear freisin togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear na sásraí ar cheart do na Ballstáit a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/8496³, togra le haghaidh Rialachán lena gcruthaítear Údarás de chuid an Aontais um fhrithsciúradh airgid agus um maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac⁴, agus togra le haghaidh athmhúnlú Rialachán (AE) 2015/847 lena leathnaítear ceanglais inrianaitheachta chuig criptiú sócmhainní⁵.

³ COM(2015) 423 final.

⁴ COM(2015) 421 final.

⁵ COM(2015) 422 final.

7. Sa phacáiste sin leantar le beartas seanbhunaithe de chuid an Aontais chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, ag tosú leis an gcéad Treoir de chuid an Aontais maidir leis an bhfrithsciúradh airgid, a glacadh in 1991. Tá méadú tagtha de réir a chéile ar a raon feidhme agus ar a substaint le 30 bliain anuas, mar aon le hathruithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta agus méadú ar shofaisticiúlacht na coireachta airgeadais.
8. Laistigh de phróiseas forbartha an bheartais sin, thug reachtóir an Aontais dá aire in 2015 go bhfuil ‘úsáid móríocaíochtaí in airgead tirim go mór i mbaol sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta’⁶ agus, dá réir sin, chuir sé daoine a bhíonn ag trádáil in earraí faoi réir ceanglais maidir le frithsciúradh airgid/maoiniú frithsceimhlitheoireachta nuair a dhéanann siad nó nuair a fhaigheann siad íocaíochtaí airgid EUR 10 000 nó níos mó, lena n-áirítear trí íocaíochtaí nasctha. Níor cuireadh leis na ceanglais sin, áfach, toirmeasc glan ar airgead tirim a úsáid le haghaidh íocaíochtaí os cionn na tairsí sin.
9. Mheas an Coimisiún, mar gheall ar ar tharla ó shin i leith, go raibh údar le cur chuige níos déine a bheith ann. Dá bhrí sin, cuirtear an méid a leanas in iúl sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra: ‘*léirítear na rioscaí a bhaineann le hairgead tirim sa tslí gurb í úsáid an airgid thirim an phríomhchúis fós le tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha laistigh den chóras airgeadais. Maidir le hionchúiseamh, áfach, tá sé dúshlánach an nasc idir airgead tirim agus gníomhaíochtaí coiriúla a léiriú*’ (Aistriúchán neamhoifigiúil)⁷.

⁶ Aithris (6) a ghabhann le Treoir (AE) 2015/849 an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (‘an 4ú Treoir maidir le frithsciúradh airgid’) IO L 141, 5.6.2015, lch. 73.

⁷ Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, *Impact Assessment accompanying the Anti-money laundering package* [Measúnú Tionchair a ghabhann leis an bpacáiste maidir le frithsciúradh airgid], SWD(2021) 190 final (‘Measúnú Tionchair’), leathanach 114.

10. Faoi láthair, tá teorannuithe le híocaíochtaí in airgead tirim tugtha isteach, nó tá siad á dtabhairt isteach ag 19 mBallstát, ó EUR 500 sa Ghréig go EUR 10 300 sa tSeicia, agus is é EUR 4 500 a meánluach⁸.
11. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go lagaíonn srianta éagsúla náisiúnta éifeachtacht tairseach náisiúnta maidir le hairgead tirim, trí ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a dhéantar i mBallstát ag a bhfuil srianta íocaíochta maidir le hairgead tirim a easáitiú go comharsa ag a bhfuil srianta níos boige nó nach bhfuil srianta ar bith aici ar chor ar bith, rud a chuireann isteach ar chomhleanúnachas chur i bhfeidhm na Treorach maidir le frithsciúradh airgid agus a shaobhann an iomaíocht sa mhargadh inmheánach⁹.
12. Ar an mbonn sin, agus tar éis dó measúnú a dhéanamh ar roinnt roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, tá téacs curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún, laistigh de chreat an togra reatha, lena ndéanfaí an méid seo a leanas:
- a chosc ar dhaoine a thrádálann earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí íocaíocht in airgead tirim a dhéanamh nó a fháil ar mó a luach ná EUR 10 000 nó méid coibhéseach in airgeadra náisiúnta nó eachtrach, cibé acu a dhéantar an t-idirbheart sin in aon oibríocht amháin nó i roinnt idirbheart a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad nasctha (Airteagal 59(1) den togra);
 - cead a thabhairt do na Ballstáit teorainneacha níos ísle a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach; táthar le fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu sin. Ar an gcuma chéanna, féadfar leanúint de na teorainneacha náisiúnta níos ísle atá ann cheana a fhorfheidhmiú (Airteagal 59(2) agus (3) den togra);
 - an teorainn airgid arna bunú amhlaidh a tharscaoileadh i leith íocaíochtaí idir daoine nádúrtha nach bhfuil ag gníomhú i bhfeidhm ghairmiúil agus íocaíochtaí nó taiscí a dhéantar in áitreabh institiúidí creidmheasa (Airteagal 59(4) den togra).

⁸ Measúnú Tionchair, leathanach 112. Ina theannta sin, thug Málta teorainn EUR 10 000 isteach le híocaíochtaí in airgead tirim i gcomhair earnálacha áirithe, agus chinn Ballstáit eile na teorainneacha sin a ísliú nó tá sé beartaithe acu iad a ísliú. I dtrí chás (an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn), tá feidhm ag tairseacha níos airde maidir le neamhchónaitheoirí (idir EUR 10 000 agus EUR 15 000), agus cé nach bhfuil feidhm ag teorainneacha san Ungáir agus sa Pholainn ach maidir le hidirbhearta B2B, tá tairseacha éagsúla socraithe ag roinnt tíortha amhail an tSlóivéin d'idirbhearta B2C agus B2B. I measc na dtíortha nach bhfuil aon teorainn socraithe acu le híocaíochtaí airgid, ceadaíonn Éire agus an tSualainn do thrádálaithe íocaíochtaí in airgead tirim a dhiúltú.

⁹ Measúnú Tionchair, leathanach 115.

b) Na forálacha is infheidhme

13. In Airteagal 7 den Chairt, maidir le hurraim ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, luaitear go bhfuil ‘ *ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú*’.
14. Luaitear in Airteagal 8 den Chairt maidir le sonraí pearsanta a chosaint:
- “1. *Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.*
2. *Ní mór sonraí den sórt sin a phróiseáil go cóir ar mhaithe le cuspóirí sonracha agus ar bhonn thoiliú an duine i dtrácht nó ar bhonn dlisteanach éigin eile arna leagan síos le dlí. Tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar shonraí atá bailithe agus a bhaineann leis nó léi, agus an ceart go ndéanfar na sonraí sin a cheartú (...).*’
15. Luaitear an méid a leanas in Airteagal 16 den Chairt, maidir leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh: ‘*Aithnítear an tsaoirse chun gnó a sheoladh i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta*’.
16. In Airteagal 17 den Chairt, maidir leis an gceart chun maoiné, luaitear an méid seo a leanas: ‘*Tá ag gach duine an ceart chun a shealúchais nó a sealúchais arna bhfáil go dleathach a shealbhú, a úsáid, a dhiúscairt agus a thiomnú. Ní fhéadfar a shealúchais nó a sealúchais a cheilt ar dhuine ach amháin ar mhaithe leis an leas poiblí agus sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí, ach sin faoi réir cúiteamh cóir a íoc in am trátha mar chomaoin ar chailleadh na sealúchas sin. Féadfar úsáid maoiné a rialáil le dlí a mhéad is gá sin ar mhaithe leis an leas ginearálta*’.
17. Foráiltear an méid a leanas le hAirteagal 128(1) CFAE: ‘*Beidh ag an mBanc Ceannais Eorpach an ceart eisiach chun eisiúint nótaí bainc in euro laistigh den Aontas a údarú. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta nótaí bainc den sórt sin a eisiúint. Is ag na nótaí bainc arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag na bainc cheannais náisiúnta, agus ag nótaí bainc den sórt sin amháin, a bheidh an stádas dlíthairisceana laistigh den Aontas*’.

18. Luaitear in aithris 19 de Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle an 3 Bealtaine 1998 maidir leis an euro a thabhairt isteach ('Rialachán Uimh. 974/98')¹⁰:

'(...) de bhri nach bhfuil teorainneacha ar íocaíochtaí i nótaí agus i monaí, arna mbunú ag na Ballstáit ar chúiseanna poiblí, ar neamhréir le stádas dlíthairiscint nótaí bainc agus monaí euro, ar choinníoll go bhfuil bealaí dleathacha eile ar fáil chun fiacha airgeadaíochta a shocrú' (Aistriúchán neamhoifigiúil).

19. Foráiltear le hAirteagal 10 de Rialachán Uimh. 974/98:

'Amhail ón 1 Eanáir 2002, cuirfidh BCE agus bainc cheannais na mBallstát rannpháirteach nótaí bainc atá ainmnithe in euro i gcúrsaíocht. Gan dochar d'Airteagal 15, is ag na nótaí bainc sin arna n-ainmniú in euro agus ní ag aon nótaí bainc eile a mbeidh stádas dlíthairisceana sna Ballstáit sin go léir' (Aistriúchán neamhoifigiúil).

III. ANAILÍS DLÍ

a) Comhoiriúnacht na bhforálacha maidir le teorainneacha airgid thirim le stádas dlíthairisceana nótaí bainc euro agus monaí euro

20. Is í an chéad cheist a ardaíodh an mbeadh an toirmeasc ar íocaíocht in airgead tirim i méideanna os cionn EUR 10 000 ag teacht salach ar stádas dlíthairisceana nótaí bainc agus monaí euro, mar a leagtar síos sa dlí príomha agus sa dlí tánaisteach.
21. Tá stádas dlíthairisceana na nótaí bainc euro cumhdaithe sa tríú habairt d'Airteagal 128(1) CFAE agus, leis an bhfoclaíocht chéanna beagnach, sa tríú habairt den chéad mhír d'Airteagal 16 den Phrótocal maidir le CEBC agus BCE. Cumhdaítear é freisin sa reachtaíocht thánaisteach, sa dara habairt d'Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 974/98¹¹.

¹⁰ IO L 139, 11.5.1998, lch. 1.

¹¹ Ina theannta sin, bronnann an dara habairt d'Airteagal 11 den Rialachán sin stádas dlíthairisceana freisin ar mhonaí ainmnithe in euro. Féach an breithiúnas in *Hessischer Rundfunk*, C-422/19, AE:C:2021:63, mír 61.

22. Nuair is ann d'oibleagáid íocaíochta, tuigtear as dlíthairiscint nótaí bainc agus monaí euro: i) glacadh éigeantach (ní féidir le creidiúnaí oibleagáide íocaíochta nótaí bainc agus monaí euro a dhiúltú ach amháin má tá comhaontú déanta ag na páirtithe ar mhodhanna eile íocaíochta); ii) glacadh ar a n-aghaidhluach iomlán (is ionann luach airgid nótaí bainc agus monaí euro agus an méid atá léirithe ar na nótaí bainc agus ar an monaí); iii) an chumhacht chun urscaoileadh ó oibleagáidí íocaíochta (is féidir le féichiúnaí é féin a urscaoileadh ó oibleagáid íocaíochta trí nótaí bainc agus monaí euro a thairiscint don chreidiúnaí)¹².
23. Ina breithiúnas *Hessischer Rundfunk* in 2021, d'aithin an Chúirt, áfach, mar gheall ar stádas an euro mar dhlíthairiscint agus, go háirithe, an oibleagáid atá ar chreidiúnaithe glacadh le nótaí bainc agus monaí euro mar urscaoileadh fiachais, go gceadaítear srianta a chur ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail. Ní mór do na srianta sin a bheith i gcomhréir, áfach, leis an gcuspóir maidir le leas an phobail atá á shaothrú¹³.
24. I gcomhthéacs ar leith na srianta a chuireann na Ballstáit ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, tá sé suite ag an gCúirt gur aidhmeanna dlisteanacha iad a bhaineann leis an ord poiblí a chosaint¹⁴ an sciúradh airgid agus an maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac. Dá bhrí sin, is féidir na haidhmeanna sin a mheas freisin mar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail chun srianta a thabhairt isteach maidir le stádas dlíthairisceana nótaí bainc agus monaí euro.
25. Ceanglaítear le prionsabal na comhréireachta, go mbeidh na bearta lena mbaineann iomchuí chun na cuspóirí dlisteanacha atá á saothrú leis an reachtaíocht atá i gceist a bhaint amach agus nach rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach. I gcás ina gcaithfear roghnú idir roinnt mhaith beart iomchuí, ní foláir dul ar iontaoibh an bhirt lena mbaineann an t-ualach is éadroime, agus ní foláir nach mbeidh na míbhuntáistí a eascróidh as sin díréireach maidir leis na spriocanna atá á saothrú¹⁵.

¹² Breithiúnas in *Hessischer Rundfunk*, thuas, mír 67. Féach freisin an moladh ón gCoimisiún an 22 Márta 2010 maidir le raon feidhme agus éifeachtaí nótaí bainc agus monaí euro (2010/191/AE), IO L 83, 30.3.2010, lch. 70.

¹³ Breithiúnas in *Hessischer Rundfunk*, thuas, míreanna 67 agus 68.

¹⁴ Breithiúnas in *Jyske Bank Gibraltar*, C-212/11, AE:C:2013:270, míreanna 62-64 agus an cásdlí arna lua.

¹⁵ Breithiúnas in *Hessischer Rundfunk*, thuas, mír 70 agus an cásdlí arna lua.

26. Thairis sin, tá glactha ag an gCúirt gur cheart lánrogha leathan a cheadú do reachtas an Aontais, ar lánrogha í a bhfuil feidhm aici ní hamháin maidir le cineál agus raon feidhme na mbeart atá le déanamh i réimsí ina mbaineann a ghníomhaíocht le roghanna polaitiúla, eacnamaíocha nó sóisialta, agus ina n-iarrtar air measúnuithe agus meastóireachtaí casta a dhéanamh, ach freisin, go pointe áirithe, maidir le cinneadh na mbunfhóras, agus é mar thoradh air sin nach é an critéar atá le cur i bhfeidhm cé acu arbh é nó nárbh é an beart a glacadh sa réimse sin an t-aon bheart amháin nó an beart ab fhearr ab fhéidir, ós rud é nach féidir difear a dhéanamh dá dhlíthiúlacht ach amháin má tá an beart míchuí go follasach ag féachaint don chuspóir atá an institiúid inniúil ag iarraidh a shaothrú¹⁶.
27. Sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra, scrúdaigh an Coimisiún trí rogha¹⁷ chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh maidir le híocaíochtaí airgid a úsáid chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta agus rinne sé anailís ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann acu. Ar an mbonn sin, chinn sí gurb í an rogha atá á cur chun cinn an rogha is fearr, go háirithe toisc ‘*go gcuirfí cur chuige níos comhchuibhithe ar fáil ar fud an mhargaidh inmheánaigh, go laghdódh sí neamhéifeachtúlachtaí an chreata reatha um fhrithsciúradh airgid agus um maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac trí oibleagáidí ar thrádálaithe in earraí a bhaint agus go gcothromódh sé an iomaíocht idir gnólachtaí, agus ag an am céanna nach gcaithfeadh sé amhras ar stádas dlíthairisceana nótaí bainc euro*’ (Aistriúchán neamhoifigiúil)¹⁸.
28. Thairis sin, sa Mheasúnú Tionchair céanna, tugann an Coimisiún údar ‘*go mbeadh teorainn den sórt sin ag teacht leis na tairseacha atá ann cheana maidir le rialú airgid thirim agus go n-áiritheofaí leis nach ndéanfaí dochar do ghrúpaí leochaileacha tomhaltóirí trí uasteorainn atá ard go leor a shocrú chun freastal ar a gcuid riachtanas*. Cheadódh an rogha sin do na Ballstáit teorainneacha níos ísle atá i bhfeidhm cheana a choinneáil, ag aithint dóibh go bhféadfadh sonraíochtaí náisiúnta a bheith ina n-údar le tairseacha níos ísle (...)’¹⁹. Mar an gcéanna leis an gcás in *Hessischer Rundfunk*, chaomhnófaí modhanna eile íocaíochta ná airgead tirim leis na bearta atá i gceist²⁰.

¹⁶ Breithiúnais in *Poblacht na Seice v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-482/17, AE:C:2019:1035, míreanna 77 agus 78, agus in *An Pholainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-626/18, AE:C:2020:1000, míreanna 95 agus 97.

¹⁷ 1) An creat reatha um fhrithsciúradh airgid agus um maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a fhorfheidhmiú a thuilleadh; 2) teorainn a thabhairt isteach ar fud an Aontais d’idirbhearta airgid EUR 10 000, agus ag an am céanna ligean do na Ballstáit tairseach níos ísle a shocrú agus 3) teorainn uile-Aontais a thabhairt isteach d’idirbhearta airgid atá faoi bhun EUR 10 000 (Measúnú Tionchair, lch. 116-117).

¹⁸ Measúnú Tionchair, lch. 116.

¹⁹ Measúnú Tionchair, lch. 116.

²⁰ Breithiúnas in *Hessischer Rundfunk*, thuas, mír 75.

29. Agus na heilimintí dá bhforáiltear sa Mheasúnú Tionchair dá dtagraítear thuas á gcur san áireamh, go háirithe an machnamh ar na roghanna éagsúla agus na leasanna éagsúla atá i gceist, dealraíonn sé nach bhfuil an teorannú ar an íocaíocht in airgead tirim atá beartaithe míchuí go follasach chun na cuspóirí atá á saothrú leis an mbeart sin a bhaint amach.
30. Ar deireadh, meabhraítear nach féidir an réasúnaíocht thuas a cheistiú de bharr gur ghlac Ballstát na bearta a pléadh i mbreithiúnas *Hessischer Rundfunk*, cé go bhfuil an teorannú atá beartaithe le cur i bhfeidhm ag an Aontas.
31. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nár chuir an Chúirt ábharthacht shonrach in iúl maidir leis an mbeart i ndáil le leas an phobail a bheith sainithe sa dlí náisiúnta nó i reachtaíocht an Aontais²¹. Is é sin le rá, maidir le raon feidhme agus brí an choincheapa ‘leas an phobail’ mar údar cuí le teorannú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar luach nótaí bainc euro nó monaí euro atá ina ndlíthairiscint, ní cheadaíonn siad aon difreáil cibé acu a thugann nó nach dtugann na Ballstáit nó an tAontas féin an teorannú sin isteach. I ndáiríre, foráiltear le dlí tánaisteach an Aontais (Rialachán 974/98) go bhféadfadh na Ballstáit aon teorainneacha den sórt sin a thabhairt isteach maidir leis an teorannú ar úsáid airgid thirim atá á bhreithniú.

b) Comhoiriúnacht na bhforálacha maidir le teorainneacha airgid le cearta agus saoirsí bunúsacha an Aontais

32. Iarrtar tuairimí Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir leis an toirmeasc ar shuimeanna airgid thirim os cionn EUR 10 000 a íoc a bheith comhoiriúnach leis an gCairt. Ní shonraítear sa cheist, áfach, cé hiad na cearta agus na saoirsí bunúsacha a leagtar amach sa Chairt a chruthódh fadhbanna comhoiriúnachta leis an toirmeasc lena mbaineann. Ba cheart dhá réamhbharúil a thabhairt.
33. Ar an gcéad dul síos, in ainneoin gurb ann do theorainneacha in 19 mBallstáit maidir le hairgead tirim a úsáid atá ar aon dul leis an gceann atá á phlé, ní dhearnadh comhoiriúnacht na dteorainneacha sin le cearta bunúsacha a chonspóid go dtí seo ná níor scrúdaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine an chomhoiriúnacht sin.

²¹ Féach, mar shampla, an breithiúnas in *Kieffer*, C-114/96, AE:C:1997:316, go háirithe míreanna 28 go 37, ina ndearna an Chúirt scrúdú ar bhearta arna bhforchur ag an Aontas agus a bhfuil tionchar sriantach acu ar an margadh inmheánach i gcomparáid leis na critéir chéanna a d’fhéadfadh a bheith ina n-údar le srianta náisiúnta coibhéseacha.

34. Ar an dara dul síos, ní fhoráiltear i ndlí an Aontais do cheart iomlán maidir le híocaíocht a fháil in airgead tirim i ngach cás. Ar an gcaoi chéanna, ní áirítear aon cheart den sórt sin sa Chairt²². Cé nach bhfuil aon cheart iomlán nó ceart bunúsach den sórt sin ann chun airgead tirim a úsáid, is e an cheist atá le scrúdú an bhféadfadh an toirmeasc i dtrácht difear a dhéanamh do chearta bunúsacha maidir leis an bhfeidhmiú dá bhfuil úsáid an airgid thirim ríthábhachtach. Go háirithe, d'fhéadfadh na cearta seo a leanas a bheith ábhartha: an ceart chun gnó a sheoladh agus an ceart chun maoinne (Airteagal 16 agus Airteagal 17 den Chairt) agus na cearta go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 7 agus Airteagal 8 den Chairt).
35. Maidir leis an gceart gnó a sheoladh agus leis an gceart chun maoinne, cé nach bhfuil aon amhras ann go bhféadfaí airgead a úsáid chun iad a fheidhmiú, ní gá an úsáid sin go ginearálta chun leas iomlán a bhaint astu, rud is féidir a bhaint amach trí chineálacha eile airgid nó modhanna íocaíochta seachas airgead tirim a úsáid²³. Thairis sin, ní féidir an ceart chun gnó a sheoladh ná an ceart chun maoinne a léamh mar bhac ar rialáil eacnamaíoch nó airgeadais díreach toisc gur cur isteach iad ar fheidhmiú na gceart sin.
36. I ndáiríre, maidir leis an gceart chun gnó a sheoladh, is gá go dtugtar le tuiscint lena fheidhmiú leasanna a thairbhíthe a thabhairt chun réitigh le leasanna dleathacha eile atá cosanta²⁴. In aon chás, ní féidir a bhaint de thátal gurb ionann an teorannú atá beartaithe agus sárú an chirt sin, ar an gcaoi chéanna nár measadh riamh, mar shampla, go bhfuil an rialachán stuamachta nó an rialachán in aghaidh trustaí ag teacht salach ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh.

²² Féach tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pitruzzella i gcásanna uamtha C-422/19 agus C-423/19, *Hessischer Rundfunk*, EU:C:2020:756, mír 133.

²³ Féach tuairim Abhcóide Ghinearálta Pitruzzella, *Hessischer Rundfunk*, thuas, mír 134.

²⁴ Míniú ar Airteagal 16 (Saoirse chun gnó a sheoladh) agus an cásdlí a luaitear, IO C 303, 14.12.2007, lch. 17.

37. Mar an gcéanna, maidir leis an gceart chun maoinne, is cásdlí socraithe é nach ceart iomlán é sin, ach go gcaithfidh féachaint air i ndáil lena fheidhm sa tsochaí. Dá bhrí sin, féadfar feidhmiú an chirt chun maoinne a shrianadh, ar choinníoll go bhfreagróidh na srianta sin do chuspóirí a bhaineann le leas an phobail atá á saothrú ag an Aontas agus nach bhfuil i gceist leo, maidir leis an aidhm atá á saothrú, cur isteach díréireach agus do-ghlactha, lena ndéantar dochar do shubstaint iarbhír an chirt a ráthaítear amhlaidh²⁵. Is infheidhme go hiomlán anseo an scrúdú ar an gcuspóir maidir le leas an phobail chomh maith le ceann de na bearta ar tugadh faoi i míreanna go dtí 23thuas, i gcomhthéacs stádas ceisteanna dlíthairisceana, d'fhonn a chinneadh nach cur isteach gan údar ar an gceart chun maoinne a bheadh i gceist leis an mbeart atá beartaithe.
38. Ní mór ráiteas deiridh a dhéanamh maidir leis an gceart chun maoinne. Féadfar a áitiú go bhfuil sé ábhartha, maidir le heilimintí cuimsithe shóisialta, gurb ann do nasc díreach idir úsáid airgid thirim agus feidhmiú an chirt sin, i.e. i ndáil le saoránaigh nach bhfuil rochtain fós acu ar sheirbhísí bunúsacha airgeadais san Aontas agus arb é airgead tirim an t-aon mhodh chun an ceart bunúsach sin a fheidhmiú²⁶.
39. Mar sin féin, maidir leis an toirmeasc ar úsáid airgid thirim atá á scrúdú, ní bhaineann sé ach le híocaíochtaí os cionn tairseach (EUR 10 000) atá ard go leor chun an chuid is mó de na hidirbhearta a dhéantar ó lá go lá a eisiamh. Thairis sin, níl feidhm ag an toirmeasc sin maidir le daoine nádúrtha nach bhfuil ag gníomhú i bhfeidhm ghairmiúil. Mar a mhínítear sa mheasúnú tionchair ón gCoimisiún a ghabhann leis an togra, is cosúil go bhfuil na teorainneacha sin ar raon feidhme an toirmisc comhréireach chun feidhmiú an chirt chun maoinne atá ag daoine leochaileacha a ráthú trí úsáid airgid thirim²⁷.

²⁵ Breithiúnas in *Kadi agus Al Barakaat International Foundation*, C-402/05 P agus C-415/05 P, EU:C:2008:461, mír 355.

²⁶ De réir staidéar a rinne an Banc Ceannais Eorpach in 2017, ní raibh rochtain ag 3.64 % de theaghlaigh sa limistéar euro ar sheirbhísí baincéireachta/airgeadais. Féach Ampudia, M., Ehrmann M., *Financial inclusion: what's it worth?* [Cuimsiú airgeadais: Cad is fiú é?], Sraith Doiciméad Oibre BCE Uimh. 1990, Eanáir 2017], go háirithe Tábla 1.

²⁷ Féach mír thuas 28.

40. D'fhéadfadh sé gur sárú na gceart go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint é bunú na teorann íocaíochta in airgead tirim atá beartaithe. D'fhéadfaí a rá go bhféadfadh an toirmeasc atá beartaithe ar airgead tirim a úsáid bheith ina chur isteach coibhneasta ar na cearta sin, go háirithe toisc go bhféadfadh sé eascairt as sin go mbunófaí taifid ar ghnéithe áirithe de shaol na ndaoine aonair lena mbaineann agus patrúin dá n-iompar príobháideach a nochtadh, amhail tomhaltas agus idirghníomhaíocht ghinearálta lena bpobail.
41. D'ainneoin an mhéid thuas, mar gheall ar dhéine theoranta an chur isteach sin, ní fhéadfaidh sé a bheith ina chonclúid go mbeadh an toirmeasc ina chur isteach níos tromchúisí ar chearta maidir leis an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint i gcomparáid le modhanna íocaíochta atá ann cheana seachas airgead tirim, amhail cártaí dochair agus creidmheasa, aistrithe de dhroim sreinge, lena n-áirítear le haghaidh ceannacháin ar líne agus, i gcás ar bith, ní léiríonn sé easpa comhréireachta. Ina theannta sin, ní mó an anaithnideacht a sholáthraítear le híocaíocht in airgead tirim, mar mhodh inti féin, ná modhanna eile idirbhirt ós rud é, mar riail ghinearálta agus de bhua na reachtaíochta náisiúnta, go ndéantar íocaíochtaí i gcomaoin earraí nó feistí a shonrascadh, rud a éilíonn - i bprionsabal - aitheantas pearsanta fhaighteoir na n-earraí nó na seirbhísí sin.
42. Meabhraítear freisin go bhfuil an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a fhaigheann oibreoírí margaidh mar thoradh ar íocaíochtaí, cibé modh iad, faoi réir reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí, i gcás ar bith, lena ráthaítear, go bunúsach, an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta sin a chosaint. Ar deireadh, mar a mhínítear thuas i gcomhthéacs na gceart chun gnó a sheoladh agus chun maoine, tá raon feidhme an toirmisc atá i dtrácht faoi réir teorainneacha tábhachtacha cainníochtúla agus cáilíochtúla a áirithíonn go n-eisiatar an chuid is mó de na hidirbhearta a dhéantar ó lá go lá agus, dá bhrí sin, nach sáródh méid na rianta sonraí a ghintear ar an gcaoi sin, maidir leis an méid a chuireann siad isteach ar phríobháideachas, an cur isteach sin ar chúis léi aon mhodh íocaíochta atá ann cheana féin.

IV. CONCLÚID

43. I bhfianaise an mhéid thuas, is é seo a leanas tuairim na Seirbhíse Dlí:

- a) ní chuireann teorannú na n-íocaíochtaí in airgead tirim atá beartaithe isteach ar stádas na nótaí bainc euro mar dhlíthairiscint laistigh den Aontas, mar atá bunaithe ag CFAE agus arna mhionsonrú a thuilleadh le reachtaíocht thánaisteach;
- b) ar an gcuma chéanna, tá an teorannú atá beartaithe comhoiriúnach leis na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a aithnítear sa Chairt, go háirithe na cearta chun gnó a sheoladh agus an ceart chun maoine (Airteagal 16 agus Airteagal 17 den Chairt) agus na cearta go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 7 agus Airteagal 8 den Chairt).
